

TUILLE FÁ MHÁRTAN

Lá a rabh sé i gcath i gcogadh agus tar éis cogadh mór a thabhairt bhí sé a teacht abhaile agus an cogadh buachta aige nuair a chonaic sé seanfhear críon liath a teacht in agha an bóthar agus gan aon fholach éadaigh ar a chraiceann, gan coisméig siubhail, aige le aois. Tháinig Naomh Mártan go dtí é agus sgrúd sé chomh mór ina chroidhe, nuair a chonaic sé an chaoi a bhí ar an seanfhear i gur bhain sé a chóta dhe agus go ndearna sé dhá leith dhe, agus go dtug sé don seanfhear, gur chas sé timcheall ar an seanfhear é agus gur thóig sé idir a dhá láimh é.

Agus nuair a thóig nach rabh aon alt ar a seanfhear nach rabh a tabhairt fhola. Dhá bhrigh sin tá an fhuil dhá dórtadh do Naomh Mártan, ariamh ó shoin le onóir dhó. Ní rabh páganach ar bith ba mheasa ná é, go dtí an t-am sin ná ba lugha coinsias ná é. A' dórtadh foladh bhí sé chuile lá ariamh. Rinne sé sgrúdú coinsias an t-am sin agus d'athruigh Dia é.

Fuair sé muileann annsin agus chuaidh sé ag obair do na boicht a déanamh grádha Dia do chuile chréatúr bocht a rabh caisgín aige le meilt, dhá dhéanamh a n-aisge dhóibh é. Sin é an t-úghdar nach rabh aon roth a chasadh aon lá fhéile Mártain ariamh ó shoin.

Franncach a bhí i Naomh Mártan. Uncal do Mháthair naomh Padraic Mártan Míorbhuilteach.

Trí fichead bliain a bhí idir Mártan agus Padraic.